Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil
Ollscoil Mhá Nuad

Teastas Eorpach na Gaeilge

Meánleibhéal 2 (B2)

Scrúdú samplach 1

Cluastuiscint, Léamhthuiscint, Scríbhneoireacht

1. Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

2. Tá an Scrúdú Cluastuisceana (25%), an Scrúdú Léamhthuisceana (25%) agus an Scrúdú Scríbhneoireachta agus Úsáid na Gaeilge (25%) sa leabhrán seo. Baineann an 25% eile leis an Scrúdú Cainte.

3. Freagair gach ceist.

4. Mairfidh an Scrúdú Cluastuisceana timpeall 35 nóiméad. Beidh 5 nóiméad agat leis an Scrúdú Cluastuisceana a léamh sula gcuirfear an taifeadadh ar siúl.

5. Mairfidh an Scrúdú Léamhthuisceana agus an Scrúdú Scríbhneoireachta agus Úsáid na Gaeilge dhá uair go leith ar fad.

Don oifig amháin

Cluastuiscint

1
2
3
4

Léamhthuiscint

1
2
3

Scríbhneoireacht

1
2
3
4

Cluastuiscint

25% den scrúdú iomlán: (48 marc)

Tá 5 nóiméad agat leis an pháipéar a léamh sula dtosóidh an taifeadadh.
Tá 4 cheist ar fad sa pháirt seo. Cloisfidh tú gach téacs faoi dhó *ach* amháin an téacs do Cheist 4. *Cloisfidh tú téacs do Cheist 4 uair amháin*.
Freagair na ceisteanna i nGaeilge.

1

Éist le 3 mhír nuachta agus freagair na ceisteanna thíos.

☐ / 12 marc

Mír Nuachta 1

1. Cén ***phríomhchúis*** nach raibh níos mó daoine ag an léirsiú?

_____

2. Cén fáth a luaitear an tAire Oideachais?

_____

Mír Nuachta 2

1. De réir na tuairisce, cén fáth a n-athróidh an Rialtas a bpolasaí iompair?

_____

2. Cad í an fhadhb ***is mó*** atá ag na tógálaithe, dar le Seán Ó Maolchatha?

_____

Mír Nuachta 3

1. Cén fáth ***go díreach*** nár thosaigh turas Ursula in am?

_____

2. Cén dearcadh atá ag máthair Ursula i leith an turais ***anois***?

A. Tá sí an-bhródúil as a hiníon. ☐
B. Tá fearg uirthi lena hiníon. ☐
C. Tá imní uirthi faoina hiníon. ☐

2

Éist le sé mhír agus freagair na ceisteanna thíos. ☐ /12 marc

Mír 1

Éist leis an teachtaireacht seo ar ghléas freagartha.

1. Cén cineál cúrsa Gaeilge atá á lorg ag Bríona?

_____

2. Cén áit ar mhaith le Bríona an cúrsa a dhéanamh? _____

Mír 2

Éist le píosa de chomhrá idir fear agus bean.

1. Cad é atá an bhean a dhéanamh?

A. Ag cur comhairle ☐
B. Ag gearán ☐
C. Ag tabhairt treoracha ☐

2. Cad é a thug an bhean ar iasacht do Mháirtín? _____

Mír 3

Éist le fógra do chlár raidió.

1. Cén saghas cláir é seo?

A. Clár taistil ☐
B. Clár cúrsaí reatha ☐
C. Clár oideachais ☐

2. Luaigh ***rud amháin*** a bhí ar siúl ag Eoin Ó Dúill sa Bhrasaíl.

_____

Mír 4

Éist le beirt bhan ag caint i siopa éadaí.

1. Tá an bhean ag ceannach gúna nua mar tá sí ag dul…
   - A. ar saoire. ☐
   - B. chuig bainis. ☐
   - C. chuig cóisir. ☐

2. Tá sí chun an gúna a cheannach cé go raibh sí buartha...
   - A. faoin dath. ☐
   - B. faoin chostas. ☐
   - C. faoin mhéid. ☐

Mír 5

Chaill Pól a phost le gairid. Éist leis ag caint le cara.

1. Tá sé deacair do Phól post a fháil mar…
   - A. níl go leor taithí aige. ☐
   - B. níl sé cáilithe. ☐
   - C. ní bhíonn an tuarastal maith go leor. ☐

2. Molann a chara do Phól…
   - A. obair pháirtaimseartha a lorg. ☐
   - B. cúrsa páirtaimseartha a dhéanamh. ☐
   - C. post a lorg i mbaile eile. ☐

Mír 6

Éist le mír as clár raidió.

1. Cén áit ar saolaíodh John Brent? _____

2. Cén teanga inar scríobh ***uncail*** John Brent?

   _____

3 *Cloisfidh tú píosa as agallamh le Nóirín Nic Gearailt, iriseoir a chaith tamall maith ag obair thar lear. Freagair na ceisteanna thíos.* ☐ / 12 marc

Agallamh raidió

1. Cén fáth a raibh na seachtóidí spéisiúil, dar le Nóirín?

_____

2. Cén fhadhb ***is mó*** a bhí ag Nóirín ag an tús?

A. Níor ghlac daoine eile léi de bharr gur bean í. ☐
B. Bhí sí an-uaigneach. ☐
C. Ní raibh aithne aici ar dhaoine eile sna meáin chumarsáide. ☐

3. Conas a chuaigh obair Nóirín i bhfeidhm ar na páistí?

A. Bhí siad breá sásta. ☐
B. Bhí siad an-uaigneach. ☐
C. Bhí siad an-óg agus níor thuig siad. ☐

4. Céard a deir Nóirín faoina comharsana tar éis ionsaithe 2001?

A. Bhí siad amhrasach faoi gach eachtrannach. ☐
B. Bhí siad an-fheargach. ☐
C. Bhí siad an-chairdiúil. ☐

5. Luaigh ***buntáiste amháin*** atá leis an obair atá ar siúl ag Nóirín anois.

_____

6. Deir Nóirín nach mbeidh sí ag dul leis an pholaitíocht. Cén fáth?

_____

4 *Cloisfidh tú múinteoir ag tabhairt eolais don rang maidir le haistí agus socruithe eile. Cloisfidh tú an téacs* ***uair amháin****.*
Tá 50 soicind agat anois leis na habairtí thíos a léamh.
Éist leis an bpíosa cainte agus críochnaigh na habairtí thíos.

/12 marc

1. Caithfidh na haistí bheith istigh ar an Luan an _____.

2. Is i lár mhí na Bealtaine a bheidh na _____ ar siúl.

3. Más mian leo ríomhaire a úsáid san Ionad caithfidh siad labhairt leis an _____.

4. Beidh an ciorcal comhrá an-úsáideach do dhaoine nach raibh _____.

5. Más maith leo freastal ar an chiorcal comhrá beidh orthu labhairt le Pól Ó Dónaill roimh _____ ar an _____.

6. Gheobhaidh na mic léinn eolas faoin _____ sa rang an tseachtain seo chugainn.

Léamhthuiscint

25% den scrúdú iomlán: (40 marc)

1 *Léigh an t-alt thíos. Cé acu abairt (A-H) is fearr a dhéanann cur síos ar ábhar gach paragraif? Tá dhá abairt nach mbainfidh tú úsáid astu. Scríobh an litir cheart sa spás ag barr gach paragraif.*

☐ 12 / marc

A. Ní mar a chéile a d'éirigh leis na daltaí go léir.

B. Bhí an scríbhneoir ag ócáid mar seo cheana féin, agus níor thaitin sí leis.

C. Ní i gcónaí a spreagtar daltaí scoile chun a bheith ag smaoineamh dóibh féin.

D. Bhí an córas oideachais níos fearr blianta ó shin.

E. Déantar breithiúnas ar dhaoine de réir an mhéid airgid atá acu.

F. Níl an scríbhneoir cinnte an rachaidh sé chuig an ócáid.

G. Níl scolaíocht sa tír seo foirfe, ach níl aon rud níos fearr le fáil.

H. Éiríonn daoine níos tuisceanaí dá chéile de réir mar a éiríonn siad níos sine.

1.	

Fuair mé cuireadh sa phost inniu. Beidh Rang 1985 ag teacht le chéile don chéad uair ó d'fhágamar an scoil. Is deas cuireadh a fháil, ach ar chúis nach féidir liom a mhíniú go rómhaith, tá mé idir dhá chomhairle faoi dhul in aon chor. Tá an cuireadh ina luí ar an mbord teileafóin agus beidh orm cinneadh a dhéanamh go luath.

2.	

Ní hé nár mhaith liom casadh le mo sheanchomrádaithe arís nó, go deimhin, le daoine nach raibh mé mór leo san am - na buachaillí nach raibh ar a n-intinn ach rugbaí nó a raibh dúil acu sna grúpaí ceoil 'míchearta' (bíonn na rudaí seo an-tábhachtach do dhéagóirí!). Fiú amháin an Máistir Mag Aoidh, a bhí sotalach agus borb go leor, ba mhaith liom a lámh a chroitheadh. Tá an saol róghearr le cuimhneamh ar shean-naimhdeas agus is cinnte go bhfuaireamar go léir tuilleadh céille ón uair sin.

3.	

Is é an eagla atá orm gur saghas comórtais a bheidh ann, agus go mbeidh daltaí Rang '85 á gcur i gcomparáid le chéile. Cé a fuair an post is fearr? Cé aige a bhfuil an gluaisteán is costasaí? Cé a chónaíonn sna ceantair shaibhre? Cosúil leis an lá úd a casadh Marcas orm in Aerfort Chorcaí. "Nach bhfuil teach saoire thar lear agat go fóill?, Ó caithfidh tú ceann a fháil!" Cén mhaith dom a mhíniú nach raibh ar mo chumas teach a cheannach in Éirinn gan trácht ar áit éigin i gcéin agus nach raibh mé san aerfort ach chun síob abhaile a thabhairt do chara liom. Cén mhaith dom a mhíniú dó go bhfuil mé sona sásta mar atá mé?

4.	

Ach má tá comórtas le bheith ann, bí cinnte nach mbeidh gach duine ina bhuaiteoir. Cloisim scéalta anois is arís faoi na daoine a bhí in aon rang liom. Muiris Ó Néill, a chuaigh go California ag déanamh a shaibhris le gnó ar an idirlíon. Bhí alt faoi in iris na scoile - 'An Bill Gates Nua?' Bhí sin go breá go dtí gur thit an tóin as an ngnó sin. Tá sé i Meiriceá go fóill, ach níl an teach galánta aige níos mó, ná an gluaisteán nua ná faraor, a bhean is a chlann. D'fhoghlaim sé rud nár múineadh dó sa scoil, 'go mbímid go léir thuas seal, thíos seal.'

5.	

Athraíonn mo dhearcadh faoin scoil ó lá go lá. Ar ndóigh, tá mé buíoch de na múinteoirí as scileanna éagsúla a theagasc dom. Tá Fraincis agam agus ní dócha go mbeadh murach an Mháistreás Ní Dhónaill, a bhí foighneach, moltach i gcónaí (cé nach glan-Fhraincis na Fraince a bhí aici féin!). Ach tagann fearg orm nuair a chuimhním ar an Máistir Mag Aoidh ag rá "Tá sibh anseo le bheith ag foghlaim, ní le ceisteanna a chur!" Mhúin sé litríocht an Bhéarla agus na Gaeilge mar a bheadh ceacht matamaitice ann. Mo thrua aon duine nach raibh ar aon tuairim leis.

6.	

Beidh an duine is sine agam féin ag dul chun na bunscoile Meán Fómhair seo chugainn. Chuir sin ag smaoineamh mé faoi chóras oideachais na tíre seo agus faoi na roghanna atá agam. Cheannaigh mé leabhar faoi lánúin atá ag teagasc a gclainne féin sa bhaile. Ach níl mo chuid eolais leathan go leor le hoideachas mar is ceart a chur ar pháiste, agus chuir mé an smaoineamh as mo cheann. Tá lochtanna ar scoileanna na tíre seo ach is iontu a chastar an t-aos óg ar a chéile agus foghlaimíonn siad rudaí tábhachtacha nach bhfuil le fáil i dtéacsleabhar ar bith. Nár tháinig mé féin slán tríd an gcóras sin? Is dócha, mar sin, go gcuirfidh mé glaoch ar mo sheanscoil agus go gcuirfidh mé áit in áirithe dom féin.

2 *Léigh an sliocht seo thíos agus ansin freagair na ceisteanna ar an chéad leathanach eile.* 14 /marc

Ná ceap nach raibh grá ag Máirtín do thírdhreach na hÉireann. Fiú i ndiaidh dó tíortha an domhain mhóir a shiúl ní fhaca sé aon rud a bhí níos fearr ná an radharc ó bharr Chruach Phádraig go háirithe 'lá nach mbíonn ceo báistí agus gaoth mhór ann, agus nach mbíonn na céadta daoine ag iarraidh an barr a bhaint amach.' Álainn agus a bhí sé, ní raibh a dhúshlán ann, ná aon áit eile in Éirinn.

I litir a chuir sé chuig a chara, Francois Brel, dúirt sé nach raibh in Éirinn ach 'cnoic bheaga agus cruacha nach fiú an t-ainm a thabhairt orthu.' Is i bhfad uaidh a bhí na sléibhte ar mhian leis aghaidh a thabhairt orthu, sna Himiléithe agus sna hAindéis. Ach cá raibh an patrún a thabharfadh sparán taistil dó?

'Is mór an peaca nár rugadh i dteaghlach saibhir mé' a scríobh Máirtín ina dhialann ar 16.02.1934, seachtain amháin roimh a 26ú breithlá. Bhí na blianta ag imeacht go tapa agus ní raibh seans faighte aige taisteal níos faide ná Albain. Dúirt sé liomsa uair amháin gurb é an rud is tábhachtaí i saol an tsléibhteora "gan aon cheangal a bheith air, ceangal teaghlaigh nó ceangal pósta", ach is cosúil nár ghlac sé a chomhairle féin. D'fhan sé in Éirinn ar feadh dhá bhliain eile, i bpost a raibh fuath aige air. D'fhan sé go raibh a dheartháir óg, Caoimhín, réidh le dul ag obair agus aire a thabhairt dá máthair. Is é Máirtín a d'íoc as táillí coláiste Chaoimhín.

Chaith Máirtín seal ag múineadh scileanna sléibhteoireachta in Albain agus is ansin a chas sé leis an Tiarna Giles Beresford. Is ait mar a d'fhás cairdeas idir beirt a bhí chomh difriúil ó chéile. Níor ól Máirtín aon deoch níos láidre ná an t-uisce, agus ba chuma leis cén cineál bia a d'íosfadh sé. A mhalairt ar fad a bhí fíor i gcás an Tiarna óig, a bhí ina shaineolaí fíona agus ina chócaire maith. Cé gur dhuine de mhóruaisle Shasana é, agus cé go raibh a bhlas cainte an-ghalánta ar fad, thuig Máirtín go mbeadh sé ina shléibhteoir maith. Nuair a chuireadh sé tús le rud éigin, dhéanadh sé a dhícheall é a dhéanamh go maith. Bhí nós aige stad den chaint agus a intinn a dhíriú ar an obair. Bhí sé sásta glacadh le treoir Mháirtín, le linn an chúrsa ar aon nós.

Faoin am a raibh an cúrsa thart bhí cinneadh déanta acu a mbealach a dhéanamh chun na Himiléithe. Ach ní gan dua agus stró a dhéantar an turas sin inniu, agus bhí sé i bhfad níos deacra fós sna tríochaidí! Bhí foireann ag teastáil i dtús báire, mar shampla, duine a raibh eolas aige ar theangacha an réigiúin. Bhí trealamh de dhíth – ropaí, éadaí geimhridh, stór bia agus araile. Bheadh orthu taisteal trí thíortha a bhíodh ag troid le chéile ó am go ham – an Tibéid, an India, an tSín agus an Chaisimír. Ach thar aon rud eile, bhí ar Beresford cead a fháil óna mhuintir féin. Gan sin ní bheadh airgead le fáil agus, gan airgead, ní bheadh turas ar bith ann. Ach bhí an t-ádh orthu mar bhí muinín ag muintir Beresford i Máirtín, cibé rud faoina mac féin.

Má theip ar an turas, (agus theip go tubaisteach), ní fhéadfaí an locht a chur ar aon duine ar leith. 'Bhíomar go léir chomh seafóideach lena chéile' a scríobh Máirtín ina bheathaisnéis 'Ar Dhíon an Domhain'. Ach ní turas in aisce ar fad a bhí ann. Choíche arís ní dhéanfadh Máirtín na botúin a rinne sé an t-am sin. As sin amach bheadh gach rud pleanáilte agus socraithe roimh imeacht. Ach ní amhlaidh a bhí ar an gcéad turas sin. Cailleadh mórchuid dá mbagáiste le linn an turais chun na hIndia, ach ba chuma faoi sin. D'éirigh beirt den fhoireann chomh tinn sin is go raibh orthu filleadh abhaile – an t-aistritheoir ina measc. Bhí sin go holc. Ní ghlacfadh muintir na háite lena gcuid airgid, agus ní thiocfadh leo treoraithe a fháil. Bhí sé sin tubaisteach. Bhí siad ina strainséirí i dtír i bhfad i gcéin gan focal de theanga na háite is gan pingin den airgead. D'fhill siad abhaile, go tromchroíoch, cloíte.

1. Cén locht a bhí ag Máirtín ar an tsléibhteoireacht in Éirinn? Roghnaigh ***an ráiteas is fearr*** ón liosta thíos.

(a) Bíonn an aimsir ró-olc chun taitneamh a bhaint aisti. ☐
(b) Bíonn radhairc níos áille le fáil i dtíortha eile. ☐
(c) Bíonn an iomarca daoine ar na sléibhte. ☐
(d) Bíonn sé ró-éasca sléibhte na hÉireann a dhreapadh. ☐

2. Cén t-eolas a thugtar faoi shaol teaghlaigh Mháirtín? Roghnaigh ***an ráiteas is fearr*** ón liosta thíos.

(a) Bhí drochmheas aige ar a thuismitheoirí toisc nach raibh siad saibhir. ☐
(b) Rinne sé dearmad dá mhuintir féin nuair a thosaigh sé ag sléibhteoireacht. ☐
(c) Rinne sé íobairtí móra ar son a mhuintire. ☐
(d) D'fhág sé cúram an teaghlaigh faoi dhaoine eile. ☐

3. Cuir tic leis ***an ráiteas is fearr*** a chuireann síos ar an chineál duine a bhí sa Tiarna Beresford.

(a) Fear ar nós leis an iomarca a ithe agus a ól. ☐
(b) Fear ceanndána, sotalach. ☐
(c) Duine a bhí sásta foghlaim agus comhairle a ghlacadh. ☐
(d) Duine ardnósach nach ndearna mórán cainte le haon duine. ☐

4. Cad é an deacracht ba mhó a bhí acu agus iad ag pleanáil don turas? Roghnaigh ***an ráiteas is fearr*** ón liosta thíos.

(a) Bhí cogadh ar siúl idir cuid de na tíortha sa réigiún. ☐
(b) Ní raibh teangacha an réigiúin acu. ☐
(c) Theastaigh airgead uathu. ☐
(d) Ní ligfeadh muintir Beresford dá mac dul ar an turas. ☐

5. Cad é an ceacht a d'fhoghlaim Máirtín ón turas seo?

(a) Gan muinín a bheith aige in aon duine eile. ☐
(b) Gan an iomarca bagáiste a thabhairt leis. ☐
(c) Gan taisteal gan réamhullmhúchán ceart a dhéanamh. ☐
(d) Gan taisteal i dtír nach raibh sé eolach uirthi. ☐

6. Meaitseáil na focail seo a leanas le focail ón téacs atá ar comhchiall leo.

amaideach: _____
tamall/tréimhse: _____

7. Cén cineál téacs a cheapann tú atá sa sliocht seo?

(a) Alt nuachtáin faoi chúrsaí sléibhteoireachta. ☐
(b) Píosa as dialann a scríobh Máirtín. ☐
(c) Píosa as leabhar a scríobh duine eile faoi shaol Mháirtín. ☐
(d) Cuid de shuíomh idirlín faoin tsléibhteoireacht thar lear. ☐

3 *Léigh an t-alt thíos. Roghnaigh an abairt (A-I) cheart le cur i ngach mbearna. Tá dhá abairt ann nach mbainfidh tú úsáid astu. Scríobh an litir cheart i ngach bearna thíos.* 14 / marc

MÚCH NA SOILSE!

Tá mo chomharsa tar éis 'solas slándála' a chur ar chúl an tí s'aige. Deir sé nach mbrisfidh robálaí isteach san oíche fad is a bhíonn an solas geal cumhachtach lasta. Tá mé go mór in amhras faoi sin. _____ Ach nár chuma liom sin mura mbeadh sé ag cur isteach orm i mo theach féin? Tá an solas chomh láidir sin is go mbíonn mo sheomra leapa féin lasta le solas mínádúrtha ar feadh na hoíche. "Bhuel", a deir tú, "cén fáth nach gcuirfeá seomra eile in oiriúint mar sheomra leapa, i dtosach an tí b'fhéidir?" _____ Tá lampa sráide díreach os comhair na fuinneoige sa seomra sin, agus bíonn sé chomh geal céanna leis an seomra cúil. An chomhairle chathrach a chuir ann é, gan chúis gan ábhar. Agus nuair a chuir mé glaoch orthu le mo ghearán a dhéanamh, ba é a dúirt an t-oifigeach liom "Mholfainn duit cúirtíní troma a cheannach." Slán leis na hoícheanta nuair ba nós liom an fhuinneog a fhágáil oscailte agus múscailt le bánú an lae, mo sheomra lasta le solas breá nádúrtha na maidine.

Ní raibh iontas orm, mar sin, nuair a dúirt an dochtúir liom go raibh mé traochta agus gurb é an chúis a bhí leis ná 'easpa codlata'. _____ "Tá sé an-choitianta sna bailte móra," a dúirt sé liom, "agus tá sé ag éirí níos measa faoin tuath."

Dá mba thréidlia é, thiocfadh leis labhairt ar conas a chuireann an truailliú sin as d'ainmhithe. Na héin bhochta a bhíonn ag ceol ar feadh na hoíche, cuir i gcás. Dar leo go bhfuil bánú an lae ann, toisc an oíche a bheith chomh geal. Bí ag caint ar easpa codlata! Nó na héin a fhaigheann bás nuair a bhuaileann siad isteach i bhfoirgnimh lasta, nó na hainmhithe oíche a dteastaíonn dorchadas uathu chun bia a sheilg. An oíche ina lá. Gach séasúr chomh geal lena chéile - an geimhreadh ina shamhradh agus an fómhar ina earrach. _____

Tá léarscáileanna ón aer curtha ar fáil a léiríonn an truailliú solais in Éirinn. Is iad na bailte móra is measa, mar a bheifeá ag súil leis: Béal Feirste, Corcaigh agus Baile Átha Cliath. Sin ráite, tá pócaí eile anseo is ansiúd ar feadh an oileáin. Sin é an radharc ón spéir, ach cad é faoin radharc ón talamh? "Fadhb mhór do réalteolaithe atá sa truailliú solais," a deir Cormac Ó Meara, iriseoir leis an *Irish Astronomer*. _____ É lán teileascóp de gach méid is de gach cineál, léarscáileanna de spéir na hoíche ar na ballaí. Thaispeáin sé dom grianghraf a ghlac sé i mBaile Átha Cliath oíche éigin tuairim is fiche bliain ó shin. Tá na réaltaí go léir soiléir, sofheicthe agus tá Cormac ábalta ainm a chur ar gach ceann acu. Thaispeáin sé grianghraf eile dom ansin, a glacadh sa cheantar céanna le gairid._____ "Solas ag éirí aníos ón gcathair" a deir Cormac. "Nílimid díreach chomh holc le Sasana go fóill. Tá bailte ansin atá fíorolc ar fad. 95% de na réaltaí a d'fheicfeá gan teileascóp tá siad caillte sa cheo solais ón talamh."

Nach dona an scéal é? Spéir na hoíche a bheith ceilte orainn agus codladh na hoíche a bheith caillte againn. D'fhill mé ar mo theach féin agus fearg orm. Mo chomhairle don chomharsa?

_____

(A) Chas mé leis ina theach féin.
(B) Go háirithe agus feabhas ag teacht ar an scéal le tamall.
(C) Dhéanfainn sin, ach is beag an mhaith a bheadh ann.
(D) Agus thug sé ainm ar údar na trioblóide go léir: 'truailliú solais'.
(E) Foilsíodh torthaí an taighde sin le déanaí.
(F) An diabhal solas sin a mhúchadh agus madra a cheannach!
(G) Tá saghas ceo thart ar an mbeagán réaltaí atá le feiceáil ann.
(H) Tá an saol nádúrtha á chur bunoscionn ar fad.
(I) Níl aon fhianaise ann go bhfuil a leithéid de chosaint éifeachtach in aon chor.

Scríbhneoireacht agus Úsáid na Gaeilge

25% den scrúdú: (120 marc)

1 *Ba mhaith leat cúrsa a dhéanamh sa Ghaeltacht. Chuir tú isteach ar chomórtas a bhí ag Áras na Gaeilge. Faigheann tú an litir thíos. Léigh an litir agus na nótaí atá scríofa agat. Bain úsáid as* ***na nótaí go léir*** *agus scríobh freagra ar an litir. Scríobh* ***160-180 focal****.*

☐ /30 marc

Comhghairdeas! Táimid an-sásta a chur in iúl duit gur bhuaigh tú cúrsa seachtaine anseo in Áras na Gaeilge. Tá lóistín agus costas taistil ó Bhaile Átha Cliath san áireamh sa duais.
Ba mhaith linn roinnt eolais a fháil uait faoi na rudaí seo a leanas:

- Cén uair ar mhaith leat an cúrsa a dhéanamh?
- Ar fhreastail tú ar chúrsa Gaeilge in Áras na Gaeilge cheana?
- Cén cineál lóistín ba mhaith leat? (Teach lóistín nó teach féinfhreastail)
- Beidh imeachtaí ar siúl gach tráthnóna. Roghnaigh <u>dhá cheann</u> ón liosta thíos agus abair <u>cén taithí/eolas</u> atá agat orthu.

  - Potaireacht - Amhránaíocht
  - Damhsa seite - Siúl sléibhe

- An bhfuil aon cheisteanna agat féin?

Ag siúl le cloisteáil uait,
Bríd Ní Neachtain.
Stiúrthóir, Áras na Gaeilge

Mí Iúil mar i mí Lúnasa beidh tú…

D'fhreastail i … Dhá rud a thaitin leat …

Cé acu agus cén fáth…

Freagair an dá cheist

Taisteal go dtí an áit…?

2 *Scríobh **léirmheas** do nuachtán Gaeilge ar cheann amháin de na hábhair thíos. Scríobh timpeall **160-180 focal**.* ☐ /30 marc

Scannán a chonaic mé le déanaí

nó

Ceolchoirm ar fhreastail mé uirthi le déanaí

3 *Tá tú i d'eagarthóir ar iris Ghaeilge i do cheantar. Déan eagarthóireacht ar an vox pop thíos faoi chúrsaí bia agus dí. Tá* ***15 botún*** *ar fad ann. Aimsigh gach botún agus scríobh (1) uimhir na líne, (2) an leagan mícheart agus (3) an leagan ceartaithe* ***sa ghreille ar an gcéad leathanach eile.***

☐ /30 marc

Pól

Tá an t-ádh agam, mar is maith liom beagnach gach cineál bia. Taitníonn pasta, glasraí agus rís thar cionn liom. Ach is féidir leo a bheith leamh go leor scaití mura cuireann tú anlainn bhlasta leo. Tá rogha i bhfad níos fearr ó thaobh bia sa tír seo anois ná mar a bhí. Tá glasraí le fáil anois nach raibh caint ar bith orthu cúpla bliana ó shin. Feicter dom go n-ólann muintir na hÉirinn níos mó fíona na laethanta seo chomh maith.

Seán

Is dócha gur bia Iodálach an bia is mó a thaitníonn liomsa. Chuaigh mé chuig Meiriceá dhá bhliain ó shin don samhradh agus d'ith mé bia Iodálach go minic ansin. Ní shílim gur féidir compráid ar bith a dhéanamh idir é agus an bia Iodálach a fuair tú i mbialanna anseo. Baineann siadsan úsáid mór as gairleog agus luibheanna. Ní maith liom bia Indiach – sílim go mbíonn sé an-spíosrach.

Aoife

Is maith liom a bheith ag cócaireacht agus bainaim triail as gach aon saghas bia a ullmhú. Is feoilséantóir mé agus, go minic, bíonn sé níos fusa dom mo chuid bia féin a ullmhú. Is maith liom gach aon saghas pónaire agus ceannaím bia orgánach nuair a bhíonn an dheis agam, ach tá an saghas sin bia ag éirí níos costasaigh gach lá. Is fíorannamh a ólaim alcól, gloine fíona, anois is arís, nuair a bhím i mbialanna deas.

Máire

Is dócha go bhféadfá a rá go bhfuil mé an-coimeádach maidir le bia. Is breá liom rudaí simplí cosúil le prátaí agus glasraí úra. Ní maith liom bia atá róthrom – anlainn ná a leithéidí sin. Is dócha gur é Guinness an deoch is fearr liom agus ólaim beoir anois is arís.

Uimhir na líne	***An leagan mícheart***	***An leagan ceartaithe***
1	agam	orm

4 *Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge.* /30 marc

1. Although a lot of houses were built in County Galway in the last ten years, half of them are still empty.

_____

_____

_____

2. She spent a few years living in France before she returned to Ireland.

_____

_____

_____

3. Seán is a good speaker although I thought that the lecture was far too long.

_____

_____

_____

4. Máire is living on the northside of the city now, although she spends a lot of time working in the city centre.

_____

_____

_____

5. Síle and Brian were married last week in a small village outside Cork.

_____

_____

_____

6. "Did you hear that Aoife got a job as a teacher?" "No. I hope that she's enjoying it."

_____

_____

_____